

# Scrúduithe Stáit agus Gráid Chreidiúnaithe – an Ardteistiméireacht 2021

Eolas do scoláirí, do thuismitheoirí agus do chaomhnóirí  
Féach [gov.ie/ardteist](http://gov.ie/ardteist) chun eolas níos mionsonraithe a fháil

## An t-eolas is gá a bheith ag iarrthóirí

- Ní mór duit **clárú** ar thairseach CSS d'iarrthóirí do na scrúduithe **agus/nó** do na Gráid atá Creidiúnaithe ag CSS
- Beidh ort **logáil isteach arís** ag deireadh **mhí Aibreáin/tús mhí na Bealtaine** chun do leibhéal i ngach ábhar a dheimhniú
- Lean ort **ag glacadh páirte** sa **teagasc**, san **fhoghlaim** agus sa **mheasúnú**
- **Níl aon táillí** le híoc i gcomhair na scrúduithe ná i gcomhair na nGrád atá Creidiúnaithe ag CSS
- Má ghlacann tú leis an dá rogha, léireofar na gráid is fearr i **ngach ábhar** i do chuid torthaí.



## Dátaí tábhachtacha

- Oscrófar **Tairseach CSS d'iarrthóirí** ar an **10 Márta** ag **12 meán lae** agus dúnfar í ar an **16 Márta** ag **6pm**
- Béaltrialacha na hArdteistiméireachta: **26 Márta go dtí an 15 Aibreán**
- Athosclófar an tairseach in **Aibreán/Bealtaine** chun na leibhéil a dheimhniú (le deimhniú)
- Béaltrialacha na hArdteistiméireachta Feidhmí: **3 Bealtaine go dtí an 12 Bealtaine**
- Triail ar **fheidhmíocht phraiticiúil ATF: 17 Bealtaine go dtí an 21 Bealtaine**
- **Agallamh** d'obair chúrsa phraiticiúil ATF: an tseachtain dar tús an **8 Meitheamh**
- Scrúduithe scríofa: **9 Meitheamh go dtí an 29 Meitheamh.**



## Gráid atá Creidiúnaithe ag CSS

- Úsáidfear na **marcanna céatadáin measta** a sholáthraíonn scoileanna chun nagraid sin a ghiniúint
- Beidh **meastacháin** na múinteoirí faoi réir **ailíniú agus maoirseacht ionscoile**
- I ndiaidh an **phróisis caighdeánaithe náisiúnta**, déanfar marcanna a thiontú ina **nGráid atá Creidiúnaithe ag CSS**
- Léireofar na gráid san **fhormáid H1/O1** etc.
- Ní cóir do Thuismitheoirí/Chaomhnóirí teagmháil a dhéanamh le múinteoir ná le ball foirne eile chun an próiseas cinnteoireachta a bhaineann leis na marcanna a phlé ná chun iarracht a dhéanamh dul i gcion air.

## Torthaí

- Ar **lá na dtorthaí**, gheobhaidh tú **an ceann is fearr den dá thoradh** má roghnaigh tú an dá cheann
- Go gairid ina dhiaidh sin, gheobhaidh tú **torthaí** do Ghrád Creidiúnaithe agus/nó na scrúduithe **ag an am céanna**
- Is é an toradh deiridh (nó an teastas deiridh) a bheidh creidiúnaithe **an ceann is fearr den dá thoradh** má dhéanann tú na scrúduithe.

